
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council







**D'aithin Comhairle Chontae na Gaillimhe an réadmhaoin seo mar Réadmhaoin Fholamh/ Thréigthe agus tá an Chomhairle tiomanta an stoc tithíochta atá ann cheana a uasmhéadú.**

***Mar úinéir na réadmhaoine seo, an raibh tú ar an eolas faoi na trí rogha atá ar fáil duit?***

1. ***An réadmhaoin a thabhairt ar ais le haghaidh úsáide mar ait cónaithe nó chun a ligean ar cíos.***
2. ***An réadmhaoin a dhíol leis an gComhairle chun a thabhairt ar ais in úsáid mar thithíocht shóisialta.***
3. ***Úsáid a bhaint as iasacht chun an réadmhaoin a athchóiriú agus ansin a ligean ar léas ar ais leis an gComhairle.***

**Rogha 1: Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh - Croí Cónaithe**

Is féidir leat deontas suas le €50,000 agus suas le €70,000 a fháil, más réadmhaoin thréigthe atá i gceist. Caithfidh an réadmhaoin a bheith folamh ar feadh 2 bhliain agus beartaithe agat cónaí ann nó a ligean ar cíos. D'fhéadfadh go mbeidh réadmhaoin ar oileáin cháilithe i dteideal le (suas le) 20% maoiniú deontais breise.

**Rogha 2: Scéim Cheannaigh agus Athnuála**

Má tá éileamh ann sa cheantar seo, is féidir leis an Údarás Áitiúil réadmhaoin oiriúnach do Tithíochta Sóisialta a cheannach.

**Rogha 3: Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe**

Má theastaíonn deisiúcháin ón réadmhaoin agus más rud é go raibh sí folamh ar feadh bliana ar a laghad, is féidir leat iasacht a fháil le haghaidh deisiúcháin suas le huasmhéid €80,000 (CBL san áireamh) agus a ligean ar léas ar aisleis an gComhairle mar thithíocht shóisialta ar feadh tréimhse idir 5 go 25 bliana.

**Is féidir foirmeacha iarratais, foirmeacha léirithe spéise, tuilleadh eolais agus achoimrí scéime a fháil ar ár suíomh gréasáin:**
www.galway.ie/en/services/housing

**Oifigeach Tithe Cónaithe Folmha do Chomhairle Chontae na Gaillimhe +353 91 509 300 agus trí ríomhphost ag vacanthomes@galwaycoco.ie**

**Beidh seisiún eolais ar siúl i do cheantar sna seachtainí amach romhainn – fógrófar dátaí ar na meáin shóisialta & ar raidió.**